Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2017**
**(OR. en)**

**12183/17**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0225 (COD)**

**CYBER 127**
**TELECOM 207**
**ENFOPOL 410**
**CODEC 1397**
**JAI 785**
**MI 627**
**IA 139**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2017) 501 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ENISA, "Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um chibearshlándáil" agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013, agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide ("an Gníomh um Chibearshlándáil") |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2017) 501 final.

---

Faoi iamh: SWD(2017) 501 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.9.2017
SWD(2017) 501 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le ENISA, "Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um chibearshlándáil" agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013, agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide ("an Gníomh um Chibearshlándáil)**

{COM(2017) 477 final}
{SWD(2017) 500 final}
{SWD(2017) 502 final}

## A. AN GÁ ATÁ LE BEART

### Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í?

Is iad na teicneolaíochtaí digiteacha agus an t-idirlíon croílár an gheilleagair Eorpaigh agus na sochaí Eorpaí. Tá earnálacha eacnamaíocha criticiúla amhail iompar, fuinneamh, sláinte nó airgeadas ag brath níos mó agus níos mó ar chórais gréasán agus faisnéise chun a bpríomhghnóthaí a reáchtáil. Cruthaíonn Idirlíon na Rudaí Nithiúla naisc idir nithe agus daoine trí bhíthin líonraí cumarsáide. Tá deiseanna nach bhfacthas a macasamhail cheana agus leochaileachtaí ag eascairt as na dálaí nua sin. Tá méadú mór tagtha ar an líon cibeareachtraí. Tiocfaidh méadú níos mó fós ar chastacht, minicíocht agus "dromchla" a dtionchair – idir sheirbhísí riachtanacha agus phróisis dhaonlathacha agus eile.

Sa chomhthéacs sin, sainaithníodh na fadhbanna idirghaolmhara seo a leanas:

- Ilroinnt beartas agus cineálacha cur chuige maidir leis an gcibearshlándáil sna Ballstáit.
- Acmhainní scaipthe agus cineálacha cur chuige éagsúlaithe maidir leis an gcibearshlándáil in institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais.
- Feasacht neamhleor saoránach agus comhlachtaí ar chibearbhagairtí agus faisnéis neamhleor ar airíonna slándála na dtáirgí agus na seirbhísí TFC a cheannaíonn siad, mar aon le líon méadaitheach na scéimeanna deimhniúcháin náisiúnta agus earnálacha atá ag teacht chun cinn.

Bíonn tionchar ag na fadhbanna sin ar chibear-athléimneacht iomlán an Aontais agus ar fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh.

### Cad é ba cheart a bhaint amach?

Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha oibríochtúla an tionscnaimh seo:

1. Cur le hinniúlachtaí agus ullmhacht na mBallstát agus gnólachtaí, i dtaca le bonneagair chriticiúla go háirithe.
2. Feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an gcomhordú ar fud na mBallstát agus in institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais.
3. Cur le hinniúlachtaí ar leibhéal an Aontais chun gníomhaíochtaí na mBallstát a chomhlánú, go háirithe i gcás géarchéimeanna cibearshlándála trasteorann.
4. Cur le feasacht saoránach agus gnólachtaí ar shaincheisteanna cibearshlándála.
5. Cur leis an trédhearcacht fhoriomlán maidir le dearbhú cibearshlándála táirgí agus seirbhísí TFC chun an mhuinín sa mhargadh aonair digiteach agus sa nuálaíocht dhigiteach a mhéadú.
6. Ilroinnt scéimeanna deimhniúcháin an Aontais agus ceanglais slándála agus critéir meastóireachta ghaolmhara ar fud na mBallstát agus na n-earnálacha a sheachaint.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh?**

Toisc go bhfuil tionchar domhanda ag an digitiú agus an t-idirnascadh ar an ngeilleagar agus an tsochaí, leathnaíonn tromchúis na bhfadhbanna i bhfad thar theorainneacha aon Bhallstáit amháin. Dá bhrí sin, is gá idirghabháil ar leibhéal an Aontais. Sa chomhthéacs ina bhfuilimid faoi láthair agus ag amharc ar na cásanna atá amach romhainn, is léir nach bhféadfadh gníomhaíochtaí aonair na mBallstát agus cur chuige ilroinnte maidir leis an gcibearshlándáil, agus go háirithe maidir leis an ngné láidir trasteorann de, méadú a chur ar chibear-athléimneacht an Aontais i gcoitinne.

## B. RÉITIGH

**Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil?**

Sa mheasúnú tionchair seo déantar tacar roghanna beartais sonrach a scrúdú, lena gcumhdaítear an t-athbhreithniú ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándáil Gréasáin agus Faisnéise (ENISA) agus an deimhniú i ndáil le slándáil TFC.

*Athbhreithniú ar ENISA*

**Rogha 0** - **Cás bonnlíne** - Baineann an rogha seo leis an *status quo* a choinneáil. Dhéanfaí sainordú ENISA a leathnú agus leanfadh cuspóirí agus cúraimí na Gníomhaireachta de bheith mar an gcéanna den chuid is mó, agus na cúraimí a chuirfí ar ENISA ag dlí an Aontais ina dhiaidh sin (e.g. an Treoir maidir le slándáil gréasán agus faisnéise) á gcur san áireamh.

**Rogha 1** - **Dul in éag shainordú ENISA** (deireadh a chur le ENISA). Is é a thiocfadh as an rogha seo deireadh a chur le ENISA nuair a bheadh téarma a shainordaithe istigh (Meitheamh 2020), agus, b'fhéidir, a chuid inniúlachtaí/gníomhaíochtaí a athdháileadh ar leibhéal an Aontais agus/nó ar an leibhéal na mBallstát.

**Rogha 2** - **"ENISA Athchóirithe"**. Chuirfeadh sé sin leis an sainordú atá ag ENISA faoi láthair, d'fhonn athruithe roghnaitheacha a ghlacadh lena gcuirfí na hathruithe atá ag teacht ar thimpeallacht na cibearshlándála san áireamh. Bhainfeadh an Ghníomhaireacht sainordú buan amach, bunaithe ar na bunchlocha tábhachtacha seo a leanas: cuidiú chun beartas an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme; fothú acmhainní; eolas agus faisnéis; cúraimí a bhaineann leis an margadh; taighde agus nuálaíocht; comhar oibríochtúil agus bainistiú géarchéime.

**Rogha 3** - **Gníomhaireacht cibearshlándála an Aontais a bhfuil inniúlachtaí oibríochtúla iomlána aici**. Tugtar le tuiscint leis an rogha seo go ndéanfaí ENISA a athchóiriú trí thrí phríomhfheidhm a thabhairt le chéile: 1. Feidhm beartais/chomhairleach; 2. Ionad faisnéise agus saineolais, agus 3. Foireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire (CERT). Den chuid is mó, is é a thabharfaí le tuiscint leis an rogha seo an t-athrú céanna i raon feidhme an tsainordaithe agus atá i rogha 2. Chuirfí cúraimí breise leis, áfach, i réimse na práinnfhreagartha agus an bhainistithe géarchéime, sa chaoi agus a chumhdófaí saolré iomlán na cibearshlándála agus ina rachfaí i ngleic le cibeartheagmhais a chosc, a bhrath agus freagairt dóibh.

*Deimhniú*

**Rogha 0** - **Cás bonnlíne - Dada a dhéanamh**. Faoin rogha seo, choinneodh an Coimisiún an *status quo* agus ní dhéanfadh sé aon bheart beartais ná dlí.

**<u>Rogha 1</u>** - **Bearta neamhreachtacha ("reachtaíocht bhog")**. Faoin rogha seo, bhainfeadh an Coimisiún úsáid as ionstraimí beartais bhoig (e.g. teachtaireachtaí léirmhínitheacha, tacú le tionscnaimh féinrialála agus gníomhaíochtaí caighdeánúcháin ar fud an Aontais) d'fhonn an trédhearcacht a fheabhsú agus an ilroinnt a laghdú.

**<u>Rogha 2</u> - Gníomh reachtach de chuid an Aontais chun comhaontú SOG-IS a shíneadh chuig na Ballstáit uile**. Faoin rogha beartais seo, bheartódh an Coimisiún gníomh reachtach chun an comhaltas a shíneadh go dlíthiúil chuig na Ballstáit uile.

**<u>Rogha 3</u>** - **Creat ginearálta an Aontais Eorpaigh um dheimhniú i ndáil le slándáil TFC**. Tugtar le tuiscint leis an rogha seo go ndéanfaí creat Eorpach um Dheimhniú i nDáil le Slándáil TFC a bhunú (lena n-áirítear grúpa saineolaithe comhdhéanta d'údaráis náisiúnta) trí chur le scéimeanna um dheimhniú i ndáil le slándáil TFC atá ann cheana, a mhéid is féidir. Go bunúsach, thabharfaí leis an gcreat seo scéimeanna an Aontais Eorpaigh um dheimhniú a bhunú a bheadh inghlactha ar fud an Aontais.

Is é atá sa rogha thosaíochta meascán de Rogha 2 do ENISA agus Rogha 3 don deimhniú.

**Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Is é is dóigh gur díol sásaimh do thromlach mór na bpáirtithe leasmhara sna hearnálacha uile (na Ballstáit, lucht tionscail, institiúidí an Aontais, lucht taighde) a ghlac páirt sna comhairliúcháin an rogha thosaíochta toisc go bhfuil siad i bhfabhar ENISA a atreisiú agus creat Eorpach um dheimhniú i ndáil le slándáil TFC a chruthú.

Go háirithe, bhí comhdhearcadh ann maidir leis an ngá atá le gníomhaireacht dhea-fheidhmitheach de chuid an Aontais Eorpaigh a bheith ann (ar a laghad) a mbeadh sainordú buan aici, a mbeadh acmhainní leordhóthanacha aici agus a mbeadh sainordú aici aghaidh a thabhairt ar na dúshláin i ndáil le cibearshlándáil atá ann cheana agus a bheidh ann sa todhchaí. Tá comhaontú ann i gcoitinne i measc na bpáirtithe leasmhara maidir le creat Eorpach inscálaithe deonach a fhorbairt.

Ó thaobh an tionscail de, tá tacaíocht á tabhairt don réiteach seo maidir le deimhniú ag gnólachtaí atá faoi réir ceanglais deimhniúcháin cheana, agus a bhainfeadh leas as sásra a chuirfí ar fáil ar fud an Aontais bunaithe ar aitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe. Tá tacaíocht á tabhairt dó ag FBManna, arb iad is mó a bheadh thíos leis dá mbeadh orthu dul i mbun próisis deimhniúcháin éagsúla sna Ballstáit éagsúla nó i gcás ina bhfuil an ceanglas sin orthu cheana. Thug roinnt Ballstát, iad sin atá ar bheagán acmhainní go háirithe, agus roinnt ionadaithe ar an tionscal agus ar institiúidí an Aontais tuairimí dearfacha uathu maidir le rogha 3 do ENISA.

## C. TIONCHAR NA ROGHA TOSAÍOCHTA

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Faoin rogha thosaíochta, bheadh gníomhaireacht de chuid an Aontais ann, a bheadh dírithe ar thacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit agus d'institiúidí agus gnólachtaí an Aontais i réimsí ina dtabharfaí an méid is mó breisluacha. Ar na réimsí sin tá: tacú le cur chun feidhme na

Treorach maidir le slándáil gréasán agus faisnéise; beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme: faisnéis, eolas agus feasacht; taighde; comhar oibríochtúil agus bainistiú géarchéime; an margadh. Go háirithe, thacódh ENISA le beartas an Aontais i réimse an deimhnithe i ndáil le slándáil TFC, trí chothabháil riaracháin agus bainistíocht theicniúil a áirithiú do chreat Eorpach um dheimhniú i ndáil le slándáil TFC. Le creat den chineál sin chuirfí ar bun tacar rialacha maidir le rialachas an deimhniú i ndáil le slándáil TFC san Aontas, lena gcuirfí chun cinn córas aitheantais fhrithpháirtigh do dheimhnithe a eiseofaí ar fud an Aontais. Na roghanna sin a chomhcheangal, meastar gurb é sin an réiteach is éifeachtaí chun go mbainfidh an tAontas Eorpach na cuspóirí sainaitheanta seo a leanas amach: inniúlachtaí cibearshlándála a mhéadú; ullmhacht; comhar; feasacht; trédhearcacht; agus ilroinnt an mhargaidh a sheachaint. Is é seo an rogha is mó atá i gcomhréir leis na tosaíochtaí beartais toisc go bhfuil sé daingnithe sa Straitéis Cibearshlándála agus i mbeartais ghaolmhara (e.g. an Treoir maidir le slándáil gréasán agus faisnéise), agus sa Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach. Ina theannta sin, bhainfí na cuspóirí sin amach ach méid réasúnach acmhainní a úsáid.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Leanfadh "ENISA athchóirithe" de bheith ina heagraíocht éifeachtach d'ainneoin róil nua a bheith aige. Bheadh an ranníocaíocht a bheadh ag teastáil ó bhuiséad an Aontais níos mó ná mar atá faoi láthair, ach fós féin ba lú í ná an méid a bhíonn de dhíth ar ghníomhaireachtaí eile a fheidhmíonn i réimsí criticiúla.

Ní thiocfadh aon chostais láithreacha bhreise ar an tionscal (FBManna san áireamh) as creat Eorpach um dheimhniú i ndáil le slándáil TFC a fhorbairt. Is é rud é go mbeadh coigiltis shuntasacha ann do na cuideachtaí sin a dheimhníonn a dtáirgí cheana nó a thoilíonn deimhniú slándála a dhéanamh, rud a rachadh chun sochair dá gcumas iomaíochta ar fud an domhain. Ar an taobh eile de, bheadh roinnt gealltanas buiséadach de dhíth chun cothabháil an chreata a áirithiú, rud a dhéanfaí tríd an tsamhail "ENISA athchóirithe", fad a bhaineann sin le cúraimí teicniúla agus rúnaíochta.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid agus ar riarachán náisiúnta?**

Ní imreofar. Is é buiséad an Aontais is mó a sheasfadh na costais a bhaineann le ENISA a threisiú, agus mar sin féin bheadh na Ballstáit in ann ranníocaíochtaí deonacha a thabhairt don Ghníomhaireacht go fóill. Maidir le deimhniú, thiocfadh an príomhthionchar ar bhuiséid agus ar an riarachán náisiúnta as údarás um dheimhniú a bhunú, nuair ab iomchuí.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Ní bheidh

**Comhréireacht?**

Cuimsíonn an rogha thosaíochta bearta cothroma, a cheaptar a bheith riachtanach chun na cuspóirí atá i gceist a bhaint amach gan ualach róthrom a chur ar na páirtithe leasmhara ábhartha. Ina fhianaise sin, meastar go bhfuil prionsabal na comhréireachta á chomhlíonadh ag an tionscnamh seo.

## D. Iarobair

### Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

Moltar anois go ndéanfar an chéad mheastóireacht cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm na hionstraime dlí. Tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil faoin meastóireacht atá déanta aige do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina dhiaidh sin agus beidh moladh le haghaidh a athbhreithnithe ag gabháil léi, más iomchuí. Ní mór tuilleadh meastóireachtaí a dhéanamh gach cúig bliana.